Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Márta 2019
(OR. en)

7604/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0392(COD)**

CODEC 692
AGRI 153
WTO 80

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 110/2008 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 1 Nollaig 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) agus ar Airteagal 114(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 29 Márta 2017[2].

3. Ar an 13 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

1 15121/16.
2 IO C 2019, 30.6.2017, lch. 54.
3 7063/19.

4. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 75/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ghréig ag vótáil ina choinne agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis, atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.